



Cúntóir Taighde

Is éard atá i gComhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann (IFAC) ná comhlacht reachtúil neamhspleách a bunaíodh mar chuid d'aidhm níos leithne chun ollstruchtúr bhuiséid na hÉireann a leasú. Tá ról lárnach aige chun measúnú a dhéanamh ar réamhaisnéis maicreacnamaíochta agus bhuiséadach, monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh rialacha fíoscacha na hÉireann agus AE, agus comhairle a thabhairt ar pholasaí fíoscach. Féach www.fiscalcouncil.ie le haghaidh tuilleadh eolais maidir le IFAC.

Tá IFAC ag lorg Cúntóir Taighde a earcú. Beidh suim ag daoine sa phost seo a bhfuil dúil mhór acu i bpolasaí agus atá ag iarraidh dul chun cinn a dhéanamh i ngairm bheatha san eacnamaíocht. Tugann sé deis a bheith ag obair mar pháirt d'fhoireann dhinimiciúil ag tacú le hobair IFAC.

Sonraíocht Poist

Beidh an t-iarrthóir rathúil ag obair go príomha le heacnamaithe sa Rúnaíocht ach go díreach le baill den Chomhairle a bhfuil ardtaithe acu freisin a thagann as an saol acadúil, meithleacha machnaimh agus eagraíochtaí idirnáisiúnta. Cuirfear maoirseacht tiomanta agus oiliúint bhreise ar fáil. D'fhéadfadh scileanna a fhoghlaimítear ar chríochnú an téarma a chur i bhfeidhm ar thaighde PhD nó ar phoist san earnáil phríobháideach nó phoiblí. I measc na bpríomhdhualgais beidh:

- Cur le measúnú ar fhorbairtí maicreacnamaíochta agus buiséadacha; le comhlíonadh na feidhme tacaíochta; agus le foilseacháin de chuid IFAC.
- Anailís na Comhairle ar dhéimeagrafaic fhadtréimhseach agus ar chaiteachas an rialtas a fhorbairt.
- Cuidiú le forbairt a dhéanamh ar uirlisí anailíseacha don réamhaisnéisiú agus don anailís pholasaí agus ag cur le clár taighde níos leithne na Comhairle.

Ní mór go mbeidh ag an iarrthóir rathúil:

- Cáilíocht mháistreachta san eacnamaíocht.
- Cúlra maith san eacnamaíocht agus suim i gcúrsaí airgeadais phoiblí.
- Sárscribhneoireacht, scileanna idirphearsanta, comhoibrithe agus cumarsáide.

Téarmaí & Coinníollacha

Beidh na hiarrthóirí rathúla ceaptha ar bhonn 2 bliana ar dtús, le féidearthacht síneadh a chur leis. Tá tréimhse profa sé mhí i gceist, ar théarmaí agus coinníollacha i gcomhréir leo siúd i státseirbhís na hÉireann. Beidh an post lonnaithe in oifigí an IFAC, atá roinnte leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta ar Ché Sir John Rogerson, Baile Átha Cliath 2.

Tuarastal

Beidh tuarastal an Chúntóra Taighde nasctha leis an scála státseirbhíse d'Oifigeach Riaracháin (Scála Caighdeánach PPC): €31,533; €33,911; €34,589; €37,566; €41,377; €44,276; €47,178; €50,089; €52,991; €55,882; €57,887¹; €59,887¹. Is ag bun an scála a thosaítear de ghnáth agus d'fhéadfadh go mbeidh íocaíocht coigeartaithe ag teacht le polasaí pá an Rialtais. D'fhéadfadh go mbeidh pá agus coinníollacha difriúla i bhfeidhm más Státseirbhíseach nó fostaí sa tSeirbhís Phoiblí cheana féin é an té a cheapfar.

Nós Imeachta maidir le hlarratas a Dhéanamh

Ba chóir go gcuirfidh iarrthóirí a bhfuil suim acu sa ról litir mhínte isteach agus a n-oiriúnacht don phost a chur in iúl, chomh maith le foirm iarratais líonta isteach agus CV i r-phost chuig jobs@fiscalcouncil.ie faoin gCéadaoin 28 Feabhra 2018 ar a mhoille. Ní mór d'iarrthóirí a bheith ar fáil d'agallamh luath i mí an Mhárta. Ní ghlacfar le haon iarratais atá mall nó neamhchríochnaithe. Is féidir le hiarrthóirí atá ag tabhairt faoi mháistreacht faoi láthair cur isteach agus cuirfear socruithe go rachadh duine ar iasacht san áireamh. Tá an dáta tosaigh inphléite ach ní chuirfear tús leis níos luaithe ná mí Iúil 2018.

¹ Tar éis 3 bliana agus tar éis 6 bliana de sheirbhís shásúil ag uasmhéid, faoi seach.